Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Topaic: Idirghníomhaíochtaí le naíonáin agus le lapadáin (Ó Bhreith - 3 bliana)

Tarraingítear aird in *Aistear* agus *Síolta* araon ar lárnacht na n-idirghníomhaíochtaí i gcleachtas na luathbhlianta.

Sa seisiún gairid forbartha gairmiúla leanúna seo, foghlaimeoidh tú faoin tábhacht atá le hidirghníomhaíochtaí chun tacú le foghlaim agus forbairt an pháiste óna bhreith go dtí trí bliana d'aois. Tarraingítear aird sna hacmhainní molta i gcomhair féachana, léitheoireachta agus machnaimh ar na gnéithe sainithe d'idirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin agus tugtar smaointe faoin gcaoi ar féidir le hidirghníomhaíochtaí den sórt sin a bheith mar chuid nádúrtha d'eispéiris an pháiste i do shuíomh/sheomra.

***Príomhnaisc***

- Téama *Aistear* maidir le Folláine agus Leas
- *Síolta* Caighdeán 5: Idirghníomhaíochtaí

**Is bealach iontach é a bheith ag canadh do**

| | | ✓ |
|---|---|---|
| | Gné thábhachtach den chaoi a mbíonn tú i dteagmháil le páiste, a labhraíonn tú leis, a ndéanann tú súgradh leis agus a dtugann tú tacaíocht dó is ea stíl idirghníomhach sheasmhach a fhorbairt. Féach ar an bhfíseán ceithre nóiméad seo, Tacú le hidirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin le linn gnáthaimh chúraim , ina dtaispeántar conas a dhéanann roinnt cleachtóirí é sin. | |
| | Nuair a bhítear ag obair le naíonáin agus le lapadáin caitear go leor ama gach lá le gnáthaimh chúraim. Is cuid lárnach den chaoi a n-idirghníomhaíonn tú leis na páistí iad na gnáthaimh sin. Léigh an leidbhileog seo, Tacú le hidirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin le linn gnáthaimh chúraim le haghaidh smaointe ar conas is féidir eispéiris foghlama dhearfacha a dhéanamh de ghnáthaimh chúraim do naíonáin agus do lapadáin. | |
| | Féach ar an bhfíseán trí nóiméad seo, Tacú le súgradh le leanaí agus lapadáin (Breith - 3 bliana, le cloisteáil faoin gcaoi le gnáthaimh chúraim a dhéanamh níos spraíúla agus níos idirghníomhaí nuair a bhítear ag obair le naíonáin agus le lapadáin. | |
| | Ach cur chuige an Duine Lárnaigh a úsáid sanntar duine ainmnithe ar gach páiste a bhíonn freagrach as dlúthchaidreamh a chruthú leis an naíonán, lapadán nó páiste óg agus lena theaghlach. Léigh an leidbhileog seo, | |

| | | |
|---|---|---|
| | Cur Chuige an Eochairdhuine a Úsáid ina bpléitear an tairbhe a bhaineann leis an gcur chuige sin agus an chaoi ar féidir é a bhunú agus a úsáid. | |
| | Féach ar an bhfíseán dhá nóiméad seo, Cur Chuige an Eochairdhuine a Úsáid, chun éisteacht le bainisteoir amháin ag míniú cén fáth a gceapann sí go bhfuil an cur chuige seo tábhachtach. | |

| | **Mo phríomh-mhachnaimh tar éis na hábhair thuas a fheiceáil/léamh** |
|---|---|
| | |
| | **Gníomh is féidir liom a ghlacadh. . .** |
| | Nasc chuig an Treoir Chleachtais Teimpléad Pleanála Gníomhaíochta Aistear/Síolta |

Tá na hacmhainní thuas agus go leor leor eile ar fáil ar an suíomh gréasáin *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* ar www.aistearsiolta.ie

Go raibh maith agat as cuairt a thabhairt ar an Treoir Chleachtais agus leas a bhaint aisti.